Ardeaglais na Trionóide Naofa
Ar a dtugtar go coiteann

# Eaglais Chríost
•
# Baile Átha Cliath

**Dé Máirt 31 Eanáir 2023**

**Urnaí na Nóna**

**OÍCHE NA FÉILE BRÍDE**

*Seas le do thoil nuair a thagann an cór agus an chléir isteach.*

## Iomann



**Ag Criost an síol; ag Criost an fómhar.**
**In ioth(a)lainn Dé go dtugtar sinn.**

**Ag Criost an mhuir; ag Criost an t-iasc.**
**I lionta Dé go gcastar sinn.**

**Ó fhás go haois, is ó aois go bás,**
**do dhá láimh, a Criost, anall tharainn.**

**Ó bhás go crioch, ní crích ach athfhás,**
**i bParthas na nGrást go rabhaimid.**

Tune: Ag Críost an síol
Seán Ó Riada (1931-71) Michael Sheehan

*Deir an ministir:*
Grásta agus trócaire agus síocháin ó Dhia ár nAthair
agus ó Íosa Críost ár dTiarna, go raibh libh go léir.
**Agus leat féin.**

Tá muid cruinnithe le chéile anseo in ainm Chríost lenár moladh agus ár mbuíochas a thairiscint, le briathar naofa Dé a chluinstin agus a ghlacadh, le maithiúnas ár bpeacaí a iarraidh, agus le guí ar son riachtanais an domhain uile, ionas go dtiomnaí muid sinn féin do sheirbhís Dé trí chumhacht an Spioraid Naoimh.

A Thiarna, oscail ár mbéal,
**Agus seinnfidh ár dteanga do mholadh.**

Adhraimis an Tiarna.
**Míle altú lena ainm.**

Is beannaithe thú, a Thiarna Rí,
Cruthaitheoir an uile ní, duitse go raibh glóir agus moladh go deo.
Is tú a chéadchruthaigh an domhan agus is iad do lámha a rinne na flaithis.
In am agus i dtráth, chruthaigh tú i d'íomhá féin sinn, agus sna laethe deiridh seo labhair tú linn trí do Mhac Íosa Críost, an Briathar a ndearnadh feoil de.
Agus lúcháir orainn go bhfuil tú inár measc, go soilsí solas do ghrá de shíor inár gcroí, go ndéana do Spiorad ár saol a athnuachan is go raibh do mholadh i dtólamh ar ár mbeola.

Go mbeannaítear Dia, an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh.

**Go mbeannaítear Dia go deo.**

## Iomann



**A Aonmhic na hÓighe, a stór, is a sciath na mbocht,
in éiric an chrainn le'r ceangladh tú gan locht,
braon de do thrócaire doirt ar ár n-anam anocht,
is ná lig ar seoid níos mó mé, ach cloígh mo chorp.**

**A Rí na bhfeart, go n-aclaí tú mo chroí,
is go dtuga tú leat mé ar neamh mar a bhfuil na naoimh,
admhaím anois mo locht duit, mo cham agus mo chlaon,
go bhfuil mé faoi ghlasa ag peacaí dubha an tsaoil.**

**A Rí na ndúl, thug cabhair is amharc don dall,
d'fhulaing sciúirsí an chine  daonna dár gceannach ar chrann,
agus d'fhulaing go humhal d'úirchneas á cheangal go teann,
tabhair maithiúnas dúinne, an scúid bocht peacach, do chlann.**

*Cathal Buí Mac Giolla Ghunna  (d. 1756*
*Suigh síos*

## An tAithreachas

*Deir an ministir:*
Má deirimid nach bhfuil aon pheaca orainn, meallaimid sinn féin agus níl an fhírinne ionainn. Má admhaímid ár bpeacaí, tá Dia dílis cóir agus maithfidh sé dúinn ár bpeacaí agus glanfaidh sinn ón uile olc. [1 Eoin1: 8,9]
Admhaímis ár bpeacaí le Dia ár nAthair…

A Dhia ár nAthair,  tagann muid chugat faoi bhrón  mar gheall ar ár bpeacaí.

Thiontaigh muid uait, agus rinne muid neamhshuim dár thoiligh tusa dúinn;
A Athair, tabhair maithiúnas dúinn:
**Cuidigh linn agus sábháil sinn.**

Déanann muid mar is mian linn féin, gan smaoineamh ort;
A Athair, tabhair maithiúnas dúinn:
**Cuidigh linn agus sábháil sinn.**

Loiceann muid ort trína ndéanaimid,  trína gceapann muid agus trína ndeir muid;
A Athair, tabhair maithiúnas dúinn:
**Cuidigh linn agus sábháil sinn.**

Meallann cathuithe an tsaoil uait sinn;
A Athair, tabhair maithiúnas dúinn:
**Cuidigh linn agus sábháil sinn.**

Caitheann muid ár saol  amhail is gur náire linn gur le do Mhac sinn;
A Athair, tabhair maithiúnas dúinn:
**Cuidigh linn agus sábháil sinn.**

*Deir an sagart an aspalóid:*
Go nglana Athair na huilethrócaire ó bhur bpeacaí sibh,
go ndéana sé úr ina íomhá féin sibh chun altú agus glóir a ainm,
trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan**

*Deir an ministir*
Is lóchrann do mo chosa do bhriathar;
**is solas do mo chosán é.**
Fch. Salm 119.105

Maireann do bhriathar go brách, a Thiarna,
**chomh daingean le neamh.**
Fch. Salm 119.89

Glacaimis, mar sin, le briathar an Tiarna,
**ionas go lonraí do sholas isteach inár gcroí.**

*Suigh síos*

## An Salm: 107: 33-43

Rinne an Tiarna fásach de shruthanna;
  talamh tirim de thoibreacha uisce;
Agus rinne sé locha uisce den fhásach;
  toibreacha uisce den talamh tur tirim.
Agus chuir sé lucht an ocrais ag lonnú ann;
  agus bhunaigh siad ann cathair ináitrithe.
Chuir siad síol ann agus phlandaigh siad fíniúna;
  agus thug an talamh barr ar fheabhas dóibh.
Bheannaigh sé iad agus chuaigh siad i líonmhaireacht;
  níor lig sé dá dtréada dul i laghad.
Ach tógann sé na boicht as a n-ainnise,
  go ndéanann a dteaghlaigh chomh líonmhar le tréada.
Feiceann na fíréin agus déanann siad gairdeas,
  agus cuirtear an uile urchóid ina tost.
Tabharfaidh an t-eagnaí na nithe seo dá aire;
  agus beidh tuiscint aige ar bhuanghrá an Tiarna.

*Seas le do thoil*

Glóir don Athar, agus don Mhac, agus don Spiorad Naomh; mar a bhí ar dtús, mar atá anois, agus mar a bheas go brách, trí shaol na saol. Áiméan.

*Suigh síos*

## An Chéad Léacht - IÓB 31: 16-20, 24-25, 31-32

Léacht as Leabhar Iób: Ar dhiúltaigh mé don bhocht aon ní a bhí de dhíth air? Ar chuir mé gruaim ar shúile na baintrí? Ar chaith mé mo chuid bia liom féin, Gan cuid a thabhairt don dílleachta? Óir bhí Dia mar athair agam do m'oiliúint ó m'óige, Agus threoraigh sé mé ó bhroinn mo mháthar. An bhfaca mé riamh ainniseoir gan éadach, Nó fear bocht gan bhrat, Agus gan é do mo bheannú ó chroí, Agus lomra mo chaorach á théamh? Ar chuir mé mo mhuinín san ór? Nó ar dhúirt mé leis an ór fíre: "Is tú mo thaca." Ar mhaígh mé as flúirse mo mhaoine? Nó as an raidhse a ghnóthaigh mé i mo ghlac? Nár dhúirt lucht mo bhotha: "An bhfuil aon duine nach bhfuair a sháith dá fheoil?" Níor ghá do dheoraí riamh codladh sa tsráid; Bhí mo dhoras riamh ar leathadh don taistealaí.

Seo é briathar Dé.
**Buíochas le Dia.**

## Caintic: Magnificat. [SEAS] *Garret Farrell*

Mórann m'anam an Tiarna, agus rinne mo spiorad gairdeas i nDia mo Shlánaitheoir. Óir dhearc sé le fabhar ar ísle a bhanóglaigh; mar féach, déarfaidh na glúine uile feasta gur méanar dom. Óir rinne an Té atá cumhachtach nithe móra dom: agus is naofa a ainm. Agus tá a thrócaire ó ghlúin go glúin: dóibh seo ar a mbíonn a eagla. Thaispeáin sé neart a láimhe: scaip sé an dream a bhí uaibhreach i smaointe a gcroí. Leag sé prionsaí óna gcathaoireacha: agus d'ardaigh sé daoine ísle. Líon sé lucht an ocrais le nithe maithe: agus chuir sé na saibhre uaidh folamh. D'fhóir sé ar Iosrael a sheirbhíseach: ag cuimhneamh dó ar a thrócaire –de réir mar gheall sé dár sinsir: d'Abrahám agus dá shliocht go brách.

*Seas le do thoil*

Glóir don Athair, agus don Mhac, agus don Spiorad Naomh; mar a bhí ar dtús, mar atá anois, agus mar a bheas go brách, trí shaol na saol. Áiméan. *Suigh síos*

## An Dara Léacht: - Lúcas 6; 32-38 [SUÍ]

Léacht as Soiscéal Naomh Lúcas:

Deir Íosa: Má thugann sibh grá dóibh seo a thugann grádaoibh, cad é an buíochas atá oraibh? Óir tugann na peacaigh féin grá dóibh seo a thugann grá dóibh. Agus má dhéanann sibh an mhaith dóibh seo a dhéanann an mhaith daoibh, cad é an buíochas atá oraibh? Déanann na peacaigh féin an rud céanna. Agus má thugann sibh iasacht dóibh seo gur dóigh mhaith agaibh iad, cad é an buíochas atá oraibh? Fiú amháin peacaigh, tugann siad iasacht do pheacaigh chun go bhfaighidís an oiread céanna ar ais. Ach bíodh grá agaibh do bhur naimhde, déanaigí an mhaith agus tugaigí iasacht gan súil le cúiteamh ar bith, agus is mór é bhur dtuarastal, agus beidh sibh in bhur gclann don Té is Airde, óir bíonn seisean lách le daoine díomaíocha agus le drochdhaoine. Bígí sibhse atruach amhail mar atá bhur nAthair atruach. Ná tugaigí breith agus ní thabharfar breith oraibh. Ná daoraigí agus ní dhaorfar sibh. Maithigí agus maithfear daoibh. Tugaigí agus tabharfar daoibh: tomhas maith, fuinte, craite, cruachta a chuirfear chugaibh in bhur n-ucht; óir is leis an tomhas lena dtomhaiseann sibh a thomhaisfear chugaibh ar ais."

Seo é briathar Dé.
**Buíochas le Dia.**

**Caintic: Nunc Dimittis  [SEAS]** *Garret Farrell*


Anois atá tú ag scaoileadh do sheirbhísigh uait, a Thiarna: de réir d'fhocail, faoi shíocháin. Mar tá mo shúile tar éis do shlánú a fheiceáil: atá ullamh agat faoi chomhair na bpobal uile. Solas chun na náisiúin a shoilsiú: agus glóir do phobal Iosrael. ***Seas le do thoil***

Glóir don Athair, agus don Mhac, agus don Spiorad Naomh; mar a bhí ar dtús, mar atá anois, agus mar a bheas go brách, trí shaol na saol. Áiméan. ***Suigh síos***

**An tSeanmóir** [SUÍ]
An Canónach Adrienne Galligan

***Seas le do thoil***

## Iomann



Deus meus, adiuva me,
tabhair dom do shearc, a Mhic dhil Dé;
tabhair dom do shearc, a Mhic dhil Dé,
Deus meus, adiuva me.

Domine, da quod peto a te,
tabhair dom go dian, a ghrian ghlan ghlé;
tabhair dom go dian, a ghrian ghlan ghlé,
Domine, da quod peto a te.

Tuum amorem sicut vis,
tabhair dom go tréan a déarfad arís;
tabhair dom go tréan a déarfad arís,
tuum amorem sicut vis.

Domine, Domine, exaudi me,
m'anam bheith lán ded'ghrá, a Dhé;
m'anam bheith lán ded'ghrá, a Dhé,
Domine, Domine, exaudi me.

Maolíosa Ó Brolcháin. Bás 1086

## Dearbhú Creidimh [SEAS]

*Deir an ministir:*

An gcreideann tú i nDia an tAthair, a chruthaigh neamh agus talamh,
agus an bhfuil muinín agat as?
**Creidim ann agus tá muinín agam as.**

An gcreideann tú ina Mhac Íosa, a shlánaigh an domhan?
**Creidim ann agus tá muinín agam as.**

An gcreideann tú sa Spiorad Naomh a thugann beatha do phobal Dé?
**Creidim ann agus tá muinín agam as.**

Seo é creideamh na hEaglaise.
**Seo é ár gcreideamh.**
**Creidimid in Aon Dia, Athair, Mac, agus Spiorad Naomh**
**agus tá muinín againn as.** *Suigh síos*

**Guí an Phobail** [SUÍ]

A Dhia uilechumhachtaigh, shíorbheo, iarrann muid ort éisteacht leis na paidreacha seo a ofrálann muid agus muinín againn asat.

Ar son na síochána sin a thagann ó Dhia amháin,
ar son aontacht gach uile chine daonna, agus ar son ár slánaithe,
Guímis chun an Tiarna.
**A Thiarna, déan trócaire.**

Ar son Eaglais Chríost, ar son **Michael agus Dermot.** ár nArdEaspaig,
agus ar son pobal iomlán Dé.
Guímis chun an Tiarna.
**A Thiarna, déan trócaire.**

Ar son naisiúin an domhain, agus ar son na n-áiteanna sin mar a bhfuil cogadh agus foréigin,
agus ar son ár rialtais agus iad sin uilig atá i gceannas,
Guímis chun an Tiarna.
**A Thiarna, déan trócaire.**

Ar son na cathrach seo, ar son ár gcomharsan agus ár gcarad,
Guímis chun an Tiarna.
**A Thiarna, déan trócaire.**

Ar son an domhain mhaith a thug Dia dúinn,
agus ar son na críonnachta agus an tola chun é a chaomhnú,
Guímis chun an Tiarna.
**A Thiarna, déan trócaire.**

Ar son na sean agus na n-easlán,
ar son baintreach agus dílleachtaí,
ar son aon duine atá tinn agus ag fulaingt,
agus ar son gach duine atá i ndíth agus i ndíobháil,
Guímis chun an Tiarna.
**A Thiarna, déan trócaire.**

Ar son na mbocht agus ar son an dream atá faoi chois,
ar a son sin atá dealbh agus dífhostaithe,
ar son na bpríosúnach agus na gcimí
is ar a son siúd a chuimhníonn orthu agus a thugann aire dóibh,
Guímis chun an Tiarna.
**A Thiarna, déan trócaire.**

Ar a son sin atá ag saothrú an bháis,
ar a son sin atá ag caoineadh,
ar son na bhfíréan a chuireann muid faoi chúram an Tiarna le dóchas,
agus muid ag súil leis an lá a bheas muid páirteach in iomláine an aiséirí,
Guímis chun an Tiarna.
**A Thiarna, déan trócaire.**

Faoi lúchair sin chumann na naomh uile, agus go háirid Naomh Bríd,
tugaimid sinn féin agus a chéile, agus ár saol uile do Dhia.

*Coinnítear tost*

Óir is leatsa an mhórgacht,
Athair, Mac agus Spiorad Naomh;
**is leatsa an ríocht agus an chumhacht agus an ghlóir,**
**anois agus a choíche. Áiméan**

## Aintiún - Iomann do Naomh Bríd

Far above enthrones in glory,
Sweetest Saint of Erin's Isle.
See thy children kneel before thee
Turn on us a mother's smile.

Sancta Mater, hear our pleading
Faith and hope and holy love.
Sweet St. Brigid, spouse of Jesus,
Sent to us from heav'n above.

Sweet St. Brigid, Erin's children,
Far and near o'er land and sea,
In the world and in the cloister
Fondly turn with love to thee.

Sancta Mater, sooth the mourner,
Shield the weary tempted soul.
Sweet St. Brigid, guide thy children
To thy bright and happy home.

Jack Oades (b. 1994) *attrib.* Mother Cecilia C, (1911)

## Ortha an Lae

*Deir an ministir:*

Trí threoir do shearbhónta beannaithe Bríd neartaigh tú an Eaglais sa tír seo;
Agus muid ag tabhairt buíochais ar son a beatha de sheirbhís dhúthrachtach;
Séid ionainn beatha agus solas úrnua, agus tabhair buanseasmhacht dúinn
chun iomlán ár laethanta a chaitheamh i do sheirbhís; trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan**

## An Phaidir

Ag cruinniú ár nguíonna agus ár n-altaithe le chéile, guímis:
**Ár nAthair, atá ar neamh,**
**go naofar d’ainm, go dtaga do ríocht,**
**go ndéantar do thoil, ar talamh mar a dhéantar ar neamh.**
**Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu. Agus maith dúinn ár bhfiacha,**
**mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin.**
**Agus ná lig sinn i gcathú, ach saor sinn ón olc.**
**Óir is leatsa an ríocht, agus an chumhacht, agus an ghlóir,**
**trí shaol na saol. Áiméan.**

*Seas le do thoil*

## Iomann



**Gab Haim molta Bríde,**
**Ionmhain í le hEirinn,**
**Ionmhain le gach tir í**
**Molaimis go léir í.**

**Lóchrann geal na Laighneach**
**A’ soilsiú feadh na tire,**
**Ceann ar óghaibh Éireann**
**Ceann na mban ar mine.**

**Tig an geimhreadh dian dubh**
**'Gearradh lena ghéire**
**Ach ar lá ’le Bríde**
**Gar dúinn earrach Éireann.**

**Gabhaim molta Bríde,**
**Ionmhain i le hEirinn,**
**Ionmhain le gach tir í**
**Molaimis go léir í.**

Traidisiúnta

*Deir an ministir:*
Tugamis buíochas do Dhia,
an tAthair,
an Mac agus an Spiorad Naomh:

Ar son grá ár nAthar, cruthaitheoir an uile ní, bronntóir gach rud maith,
beannaímis an Tiarna.
**Buíochas le Dia.**

Ar son Íosa Críost ár Slánaitheoir, a chónaigh agus a d'oibir inár measc,
beannaímis an Tiarna.
**Buíochas le Dia.**

Ar son ar fhulaing sé, ar son a bháis ar an chrois agus a aiséirí chun na beatha úire,
beannaímis an Tiarna.
**Buíochas le Dia.**

Ar son ríocht Dé agus go bhfuil sé in éineacht linn sa saol seo,
beannaímis an Tiarna.
**Buíochas le Dia.**
Ar son an Spioraid Naoimh, bronntóir na beatha, a mhúineann sinn agus a threoraíonn sinn,
beannaímis an Tiarna.
**Buíochas le Dia.**

Ar son grásta an Spioraid in obair na hEaglaise agus i mbeatha na cruinne,
beannaímis an Tiarna.
**Buíochas le Dia.**
**Áiméan.**

Ar son Naomh Bríd a theagasc aithne úr an ghrá trína flaithiúlacht agus trí aire a thabhairt do na bocht
beannaímis an Tiarna.
**Buíochas le Dia.**
**Áiméan.**

**A Naomh Bríd, a Mhuire na nGael,**
**scar orainn do bhrat,**
**A Naomh Bríd a chroí na féile,**
**stiúir sinn ar an mbóthar ceart,**
**A Naomh Bríd gheanúil ghrástúil,**
**ar ár namhaid cosain sinn,**
**A Naomh Bríd a bhean rialta álainn,**
**ar uair ár mbáis glaoigh orainn.**
**Áiméan.**

## An Scaipeadh

Deir muid le chéile:
**Bí linn a Thiarna,**
**agus muid ag imeacht amach sa saol.**
**Go raibh an fhírinne i gcónaí ar na beola a cheol do mholadh;**
**nár chluine na cluasa a chuala do Bhriathar, ach an rud maith,**
**agus go raibh ár saol agus ár n-adhradh**
**do do shásamh i gcónaí,**
**Chun glóir Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.**

Téann muid amach sa saol:
**chun siúl i solas Dé,**
**i ndúil is go gcuirfeadh grá Dé áthas orainn**
**is go mba léir ionainn a ghlóir.**

## An Bheannacht

*Deir an ministir:*
Go líona Dia an dóchais sibh
le gach lúcháir agus síocháin sa chreideamh;
Agus go raibh beannacht Dé uilechumhachtaigh oraibh,
An tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh,
anois agus i gcónaí. **Áiméan**

Imíonn muid faoi shíocháin le grá agus seirbhís a thabhairt don Tiarna.
**In ainm Chríost. Áiméan.**



*To learn more about the cathedral, and its services and events,*
*please see the website at www.christchurchcathedral.ie*
*or pick up a leaflet at the welcome desk*

*This booklet contains material from The Book of Common Prayer (2004)*
*of which the copyright is held by the Representative Body of the Church of Ireland.*

*To use the induction loop system provided*
*please turn your Hearing Aid to the T position.*